Uisce óil san Aontas Eorpach: rochtain níos fearr ar uisce d'ardchaighdeán

Tá feisirí Eorpacha ag obair faoi láthair ar nuashonrú ar an Treoir um Uisce Óil

Chun caighdeán an uisce óil a fheabhsú agus rochtain ar uisce a chinntiú do gach uile Eorpach, thug feisirí na Parlaiminte a gceadú le rialacha nua AE an 23 Deireadh Fómhair.

Tá rochtain mhaith ar uisce óil ardchaighdeáin ag formhór na ndaoine san Aontas Eorpach. De réir thuarascáil na Gníomhaireachta Eorpaí Comhshaoil ón mbliain 2016, chomhlíon níos mó ná 98.5% de thástálacha ar shamplaí uisce óil sa tréimhse 2011-2013 caighdeáin an Aontais Eorpaigh.

Sa Treoir um Uisce Óil leagtar amach íoschaighdeáin cáilíochta i gcomhair uisce atá ceaptha do thomhaltas an duine. Thug feisirí Eorpacha a gceadú an 23 Deireadh Fómhair le nuashonrú ar na rialacha chun iontaoibh an phobail a fheabhsú agus tomhaltas uisce as an sconna a chur chun cinn.



Caith súil ar an ngrafaic faisnéise chun tuilleadh a fhoghlaim

Thug feisirí an choiste um an gcomhshaol a gceadú le tuarascáil an 11 Meán Fómhair ina éilítear ar bhallstáit an Aontais rochtain ar uisce glan do chách a chur chun cinn, go mór mór i gcás daoine nach bhfuil lánrochtain ar uisce acu agus daoine atá faoi mhíbhuntáiste.

Tá sé mar aidhm ag an reachtaíocht seo caighdeán uisce as an sconna a fheabhsú trí uasteorainneacha do thruaillithe áirithe ar nós luaidhe (atá le laghdú faoina leath) nó baictéir dhíobhálacha a dhaingniú. Tabharfar teorainneacha nua isteach freisin i gcomhair roinnt suaiteoirí inchríneacha. Déanfar monatóireacht chomh maith ar leibhéil na micreaphlaisteach san uisce. Leis na rialacha nua seo, cuirfear le trédhearcacht agus beidh rochtain níos fearr ag tomhaltóirí ar fhaisnéis maidir le caighdeán an uisce óil.



Caith súil ar an ngrafaic faisnéise chun tuilleadh a fhoghlaim

Mar go bhfuil uisce as an sconna saor agus neamhdhíobhálach don chomhshaol, tá feisirí den tuairim gur chóir scairdeáin le huisce a chur ar fáil in áiteanna poiblí (ionaid siopadóireachta agus aerfoirt mar shampla), agus gur chóir go mbeadh uisce as an sconna ar fáil i mbialanna chomh maith.

De réir an Choimisiúin Eorpaigh, le rochtain ar uisce de chaighdeán níos fearr, d'fhéadfaí tomhaltas uisce buidéil a laghdú 17%. Bheadh Eorpaigh in ann airgead a choigilt agus bheadh deathionchar aige ar an gcomhshaol mar laghdófaí astaíochtaí CO2 agus dramhaíl phlaisteach.



Caith súil ar an ngrafaic faisnéise chun tuilleadh a fhoghlaim

Léiríonn rath Thionscnamh Eorpach na Saoránach “Right2Water”, a bhailigh níos mó ná 1.8 milliún síniú, tuairimí láidre na nEorpach i dtaobh uisce óil. Tá sé soiléir ó chomhairliúcháin phoiblí nach bhfuil saoránaigh na hEorpa ar a suaimhneas faoi chaighdeán uisce as an sconna nuair a bhíonn siad thar lear i dtíortha eile an Aontais, cé go gcomhlíontar caighdeáin uisce den chuid is mó.

Rinneadh plé ar mholtaí an choiste um an gcomhshaol le linn an tseisiúin iomlánaigh an 22 Deireadh Fómhair agus thug feisirí na Parlaiminte ar fad a gceadú leo i vóta an lá dár gcionn. Anois, beidh ar fheisirí Eorpacha dul i mbun idirbheartaíochta leis an gComhairle agus leis an gCoimisiún maidir leis na rialacha nua. Is é an feisire Francach Michel Dantin (Páirtí an Phobail Eorpaigh) atá i gceannas ar stiúradh na reachtaíochta seo tríd an bParlaimint.

Tuilleadh faisnéise

Comhad nós imeachta
An traein reachtach
Suíomh an Choimisiúin Eorpaigh
Preaseisiúint (23 Deireadh Fómhair 2018)